EUROPEAN UNION AGENCY FOR RAILWAYS

Feidhmiú an chórais iarnróid
a fheabhsú don tsochaí.

# Glao ar Iarratais ar phoist mar Riarthóirí (Oifigigh Thionscadal) sa Roinn/Aonad Oibríochtúil

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) – d'fhonn liostaí ionadaithe a bhunú – ERA/AD/2021/001-OPE*

*I - SAINCHUNTAS AR AN bPOST*

Tá an Ghníomhaireacht ag lorg Riarthóirí (Oifigigh Thionscadal) le haghaidh Roinn na gCóras Iarnróid agus le haghaidh an Aonaid um Pleanáil agus um Fhormheas a Sholáthar. Dá bhrí sin, cumhdaítear ceithre réimse leis an nglao seo:

- **Réimse 1: Údarú Feithiclí Rothstoic;**
- **Réimse 2: Údarú Feithiclí an Chórais Eorpaigh um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS);**
- **Réimse 3: An fochóras Fuinnimh;**
- **Réimse 4: Sábháilteacht agus Oibríochtaí.**

Féadfaidh iarrthóirí iarratas a dhéanamh ar níos mó ná réimse amháin agus **ní mór dóibh a chur in iúl go soiléir san fhoirm iarratais uathu chuig ERA cén réimse/cé na réimsí a bhfuil iarratas á dhéanamh acu ina leith.** Ní bheidh iarrthóirí in ann an réimse/na réimsí atá roghnaithe acu a athrú tar éis dóibh an fhoirm iarratais a sheoladh chuig ERA.

Oibreoidh na sealbhóirí poist sna haonaid seo a leanas i Roinn na gCóras Iarnróid nó san Aonad um Pleanáil agus um Fhormheas a Sholáthar (PAD):

- Réimse 1: An tAonad Rothstoic agus Suiteálacha Daingnithe;
- Réimse 2: An tAonad ERTMS agus Teileamaitice;
- Réimse 3: An tAonad Rothstoic agus Suiteálacha Daingnithe;
- Réimse 4: An tAonad Sábháilteachta agus Oibríochtaí.

Oibreoidh siad faoi fhreagracht na gCeann Aonaid agus na gCeannairí Foirne faoi seach.

**Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí le haghaidh na gceithre réimse:**

- Cuspóirí na dtionscadal/na seirbhísí ina réimse freagrachta féin a chomhlíonadh i gcomhréir le caighdeáin agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta;
- Tuairisc a thabhairt ar dhul chun cinn na dtionscadal/na seirbhísí sin;
- A áirithiú go gcuirfear na próisis agus na nósanna imeachta is infheidhme i bhfeidhm i gceart;
- Reachtaíocht iarnróid an Aontais Eorpaigh a chur chun cinn agus faireachán a dhéanamh ar a cur chun feidhme;
- Rannchuidiú le gníomhaíochtaí scaipthe na Gníomhaireachta a eagrú agus a chur i gcrích;
- Comhairliúcháin le páirtithe leasmhara a eagrú agus a sheoladh;
- Rannchuidiú le comhordú agus maoirseacht a dhéanamh ar thionscadail/seirbhísí an Aonaid;
- Rannchuidiú le tionól, cathaoirleacht agus stiúradh a dhéanamh ar ghrúpaí oibre agus líonraí atá á mbainistiú ag an nGníomhaireacht;

- Saineolas a sholáthar d'Aonaid na Gníomhaireachta agus d'Institiúidí/Comhghnóthais eile AE ina réimse inniúlachta féin;
- Idirchaidreamh a dhéanamh le geallsealbhóirí seachtracha (lena n-áirítear ionadaithe ó údaráis náisiúnta laistigh den Eoraip agus lasmuigh di araon) agus cruinnithe agus tuarascálacha gaolmhara a ullmhú.

**Príomhchúraimí agus príomhfhreagrachtaí le haghaidh na réimsí sonracha:**

*Réimse 1: Údarú Feithiclí Rothstoic:*
Agus díriú á chur ar an bhfochóras rothstoic:

- Gníomhú mar Mheasúnóir agus/nó mar Bhainisteoir Tionscadal le haghaidh údaruithe (cineáil) feithiclí;
- A áirithiú go soláthrófar tionscadail údaruithe (cineáil) feithiclí in am, ar ardchaighdeán agus ar aon dul leis an mbuiséad;
- Gníomhú mar theagmhálaí le haghaidh iarratais ar údaruithe (cineáil) feithiclí;
- Gníomhú mar theagmhálaí don Ghníomhaireacht maidir le húdaruithe (cineáil) feithiclí;
- Leas a bhaint as taithí agus ceachtanna arna bhfoghlaim ó údaruithe (cineáil) feithiclí ar thionscadail;
- Faisnéis chruinn chomhsheasmhach a áirithiú le haghaidh tionscadail údaruithe (cineáil) feithiclí a bhilleáil;
- Sainaithint a dhéanamh ar athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat rialála, ar an treoir tacaíochta nó ar an Ionad Ilfhreastail (chun fabhtanna a réiteach nó chun feabhas a chur ar an bpróiseas);
- Anailís, ullmhú agus dréachtú a dhéanamh ar pháipéir bheartais, treoirlínte agus téacsanna eile a bhaineann leis an bhfochóras rothstoic.

*Réimse 2: Údarú Feithiclí ERTMS:*
Agus díriú á chur ar an bhfochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht ar bord (ERTMS agus GSMR ar bord):

- Gníomhú mar Mheasúnóir agus/nó mar Bhainisteoir Tionscadal le haghaidh údaruithe (cineáil) feithiclí;
- A áirithiú go soláthrófar tionscadail údaruithe (cineáil) feithiclí in am, ar ardchaighdeán agus ar aon dul leis an mbuiséad;
- Gníomhú mar theagmhálaí le haghaidh iarratais ar údaruithe (cineáil) feithiclí;
- Gníomhú mar theagmhálaí don Ghníomhaireacht maidir le húdaruithe (cineáil) feithiclí;
- Leas a bhaint as taithí agus ceachtanna arna bhfoghlaim ó údaruithe (cineáil) feithiclí ar thionscadail;
- Faisnéis chruinn chomhsheasmhach a áirithiú le haghaidh tionscadail údaruithe (cineáil) feithiclí a bhilleáil;
- Sainaithint a dhéanamh ar athruithe a d'fhéadfaí a dhéanamh ar an gcreat rialála, ar an treoir tacaíochta nó ar an Ionad Ilfhreastail (chun fabhtanna a réiteach nó chun feabhas a chur ar an bpróiseas);
- Anailís, ullmhú agus dréachtú a dhéanamh ar pháipéir bheartais, treoirlínte agus téacsanna eile a bhaineann leis an bhfochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht ar bord (ERTMS agus GSMR ar bord).

*Réimse 3: An fochóras Fuinnimh:*

- Anailís, ullmhú agus dréachtú a dhéanamh ar pháipéir bheartais amhail Sonraíochtaí Teicniúla le haghaidh Idir-inoibritheachta, treoirlínte agus téacsanna eile a bhaineann leis an bhfochóras Fuinnimh;
- Measúnú atá éifeachtach, tráthúil agus fónta ón taobh teicniúil de a dhéanamh ar na rialacha náisiúnta maidir le suiteálacha daingnithe;

- Tionscadail a bhainistiú agus an próiseas measúnaithe a chomhordú chun údaruithe feithiclí a dheonú.

*Réimse 4: Sábháilteacht agus Oibríochtaí:*

- Tionscadail a bhainistiú agus an próiseas measúnaithe a chomhordú d'fhonn deimhnithe sábháilteachta aonair a dheonú do ghnóthais iarnróid;
- Measúnú atá éifeachtach, tráthúil agus a bhfuil bonn ceart teicniúil faoi a dhéanamh ar iarratais ar dheimhnithe sábháilteachta aonair;
- Cuspóirí na dtionscadal a chomhlíonadh i gcomhréir le caighdeáin agus nósanna imeachta na Gníomhaireachta, i dtaca leis na nithe seo a leanas:
  - Feabhas a chur ar shábháilteacht iarnróid trí chultúr dearfach sábháilteachta agus trí thosca daonna agus eagraíochtúla a chomhtháthú;
  - Oibríochtaí iarnróid agus córais bhainistíochta a chomhchuibhiú.

## *II - CRITÉIR INCHÁILITHEACHTA*

**Maidir leis na ceithre phost**, tá an nós imeachta roghnúcháin oscailte d'iarrthóirí a chomhlíonann **gach ceann** de na critéir incháilitheachta seo a leanas ar an dáta deiridh le haghaidh iarratais a chur isteach:

### ***1. Riachtanais ghinearálta:***

- A bheith ina náisiúnach de Bhallstát den Aontas Eorpach[1] nó a bheith ina náisiúnach den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch (an Íoslainn, Lichtinstéin, agus an Iorua);
- A bheith i dteideal a gceart iomlán mar shaoránach;
- Aon oibleagáidí arna bhforchur le dlíthe is infheidhme a bhaineann le seirbhís mhíleata a bheith comhlíonta aige/aici[2];
- Ní mór go gcomhlíonfaí na riachtanais charachtair maidir leis na dualgais atá i gceist[3];
- Bheith corpacmhainneach chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh[4];
- Eolas an-mhaith a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil[5] de chuid an Aontais Eorpaigh agus eolas sásúil a bheith aige/aici ar theanga oifigiúil eile[6] de chuid an Aontais Eorpaigh, a mhéid is gá chun na dualgais a bhaineann leis an bpost a chomhlíonadh;
- Bheith faoi bhun na haoise ag a gcuirtear baill foirne an Aontais Eorpaigh ar scor go huathoibríoch. Faoi láthair, is é sin an lá deiridh den mhí ina mbainfidh an ball foirne 66 bliana amach[7].

---

*1 Is iad seo a leanas Ballstáit an Aontais Eorpaigh : An Ostair, an Bheilg, an Bhulgáir, an Chróit, an Chipir, Poblacht na Seice, an Danmhairg, an Eastóin, an Fhionlainn, an Fhrainc, an Ghearmáin, an Ghréig, an Ungáir, Éire, an Iodáil, an Laitvia, an Liotuáin, Lucsamburg, Málta, an Ísiltír, an Pholainn, an Phortaingéil, an Rómáin, an tSlóvaic, an tSlóivéin, an Spáinn agus an tSualainn.*
*2 Más infheidhme*
*3 Sula gceapfar é/í, ceanglófar ar an iarrthóir rathúil deimhniú a chur ar fáil ina léireofar nach bhfuil aon taifead coiriúil aige/aici*
*4 Sula gceapfar é/í, cuirfear an t-iarrthóir rathúil faoi réir scrúdú dochtúra in ionad leighis a ainmneoidh an Ghníomhaireacht chun a chinntiú go gcomhlíonann sé/sí riachtanais Airteagal 28 (e) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh eile an Aontais Eorpaigh*
*5 Do mháthairtheanga nó teanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a bhfuil eolas an-mhaith agat uirthi a chomhfhreagraíonn do Leibhéal C1 mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR) http://europass.cedefop.europa.eu/en/resources/european-language-levels-cefr*
*6 Eolas ar theanga oifigiúil eile de chuid an Aontais Eorpaigh a chomhfhreagraíonn do leibhéal B2 ar a laghad mar a shainítear sa Chreat Comhchoiteann Tagartha Eorpach le haghaidh Teangacha (CEFR) https://europa.eu/europass/ga/common-european-framework-reference*
*7 Féach Airteagal 52 (a) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le Gníomhairí Sealadacha, rud is infheidhme maidir le Gníomhairí ar Conradh mar a leagtar amach in Airteagal 119 de Choinníollacha Fostaíochta Seirbhíseach Eile*

**2. *Cáilíochtaí íosta:***

- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma i gcás ina maireann an ghnáth-tréimhse oideachais ollscoile **4 bliana** nó níos mó, agus taithí ghairmiúil 3 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;
**NÓ**
- Leibhéal oideachais arb ionann é agus staidéar críochnaithe ollscoile arna fhianú le dioplóma i gcás ina maireann an ghnáth-tréimhse oideachais ollscoile **3 bliana**, agus taithí ghairmiúil 4 bliana ar a laghad ina dhiaidh sin;

**Ní ghlacfar ach le cáilíochtaí arna mbronnadh ag údaráis na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch agus le cáilíochtaí atá aitheanta mar cháilíochtaí coibhéiseacha ag údaráis ábhartha na mBallstát den Aontas Eorpach nó den Limistéar Eorpach Eacnamaíoch.**

*III - CRITÉIR ROGHNÚCHÁIN*

Na hiarrthóirí a chomhlíonann na critéir incháilitheachta a leagtar amach thuas, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na **gcritéar roghnúcháin**. Ní dhéanfar Iarrthóirí nach gcomhlíonann ceann amháin nó níos mó de na critéir roghnúcháin a eisiamh láithreach as an roghnú.

Is ag brath ar **an réimse/na réimsí** atá roghnaithe acu a bheidh na **critéir roghnúcháin** a úsáidfear chun iarratas na n-iarrthóirí a mheasúnú:

**Réimse 1: Údarú Feithiclí Rothstoic:**

- Staidéar ollscoile i réimse na hinnealtóireachta NÓ na n-eolaíochtaí beachta[8] NÓ an iompair;
- Eolas maith ar Bhéarla[9];
- Taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad ar fheithiclí iarnróid a údarú;
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar fheithiclí iarnróid a chothabháil, a oibriú nó a dhearadh;
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar obair a dhéanamh i measúnú Comhréireachta (Comhlacht dá dTugtar Fógra, Comhlacht Ainmnithe);
- Eolas, agus taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad, ar mhodhanna agus uirlisí bainistíochta tionscadal a úsáid;
- Dea-chur amach (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) ar cheann amháin nó níos mó de na teangacha seo a leanas[10]: Bulgáiris, Seicis, Gearmáinis, Ungáiris, Polainnis, Portaingéilis, Slóivéinis agus Slóvaicis;
- Eolas maith ar aon teangacha oifigiúla breise[11] (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) de chuid an Aontais Eorpaigh.

*8 Is ionann eolaíochtaí beachta agus na heolaíochtaí sin lena "n-éilítear fíorbheachtas ina gcuid torthaí". Samplaí d'eolaíochtaí beachta is ea matamaitic, ceimic agus fisic*
*9 Toisc gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta, tá leibhéal B2 ar a laghad (sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) i mBéarla ag teastáil*
*10 Ar bhonn an ualaigh ghníomhaíochtaí le haghaidh údarú feithiclí, teastaíonn ón nGníomhaireacht baill foirne bhreise a bhfuil dea-chur amach acu ar na teangacha sonraithe. Tá leibhéal B2 ar a laghad ag teastáil sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint)*
*11 Féach fonóta 9*

**Réimse 2: Údarú Feithiclí ERTMS:**

- Staidéar ollscoile i réimse na hinnealtóireachta NÓ na n-eolaíochtaí beachta[12] NÓ an iompair nó na ríomheolaíochta;
- Eolas maith ar Bhéarla[13];
- Taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad ar fheithiclí iarnróid a údarú;
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar dhearadh agus suiteáil a dhéanamh ar chórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht;
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar mheasúnú comhréireachta, deimhniú agus tástáil a dhéanamh ar chórais um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht (Comhlacht dá dTugtar Fógra nó Saotharlann chreidiúnaithe);
- Eolas, agus taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad, ar mhodhanna agus uirlisí bainistíochta tionscadal a úsáid;
- Dea-chur amach (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) ar cheann amháin nó níos mó de na teangacha seo a leanas[14]: Bulgáiris, Seicis, Gearmáinis, Ungáiris, Polainnis, Portaingéilis, Slóivéinis agus Slóvaicis;
- Eolas maith ar aon teangacha oifigiúla breise[15] (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) de chuid an Aontais Eorpaigh.

**Réimse 3: An fochóras FUINNIMH:**

- Staidéar ollscoile i réimse na hinnealtóireachta NÓ na n-eolaíochtaí beachta[16] NÓ an iompair;
- Eolas maith ar Bhéarla[17];
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar fhochóras Fuinnimh a chothabháil, a oibriú nó a dhearadh;
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar shonraíochtaí Fuinnimh a dhréachtú, a mheasúnú agus a bhainistiú;
- Eolas, agus taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad, ar mhodhanna agus uirlisí bainistíochta tionscadal a úsáid;
- Eolas agus taithí ar ábhair idir-inoibritheachta, go háirithe maidir leis an bhfochóras Fuinnimh;
- Taithí chruthaithe ar obair a dhéanamh i dtimpeallacht idirnáisiúnta;
- Taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad ar fheithiclí iarnróid a údarú.

**Réimse 4: Sábháilteacht agus Oibríochtaí:**

- Staidéar ollscoile i réimse na hinnealtóireachta NÓ na n-eolaíochtaí beachta[18] NÓ an iompair;
- Eolas maith ar Bhéarla[19];
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar obair a dhéanamh in oibríochtaí iarnróid;
- Taithí ghairmiúil trí bliana ar a laghad ar chórais bhainistíochta sábháilteachta (nó ar chórais bhainistíochta chomhchosúla eile) a fhorbairt nó a iniúchadh;
- Taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad ar mhodhanna agus uirlisí bainistíochta tionscadal a úsáid;
- Taithí ghairmiúil aon bhliana ar a laghad ar thosca daonna agus cultúr na sábháilteachta a chomhtháthú[20];
- Dea-chur amach (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) ar cheann amháin nó níos mó de na teangacha seo a leanas[21]: Bulgáiris, Seicis, Gearmáinis, Ungáiris, Polainnis, Portaingéilis, Slóivéinis, Slóvaicis, Liotuáinis, Laitvis, Eastóinis agus Cróitis;
- Eolas maith ar aon teangacha oifigiúla breise[22] (ó bhéal agus i scríbhinn mar úsáideoir neamhspleách ar leibhéal B2 sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) de chuid an Aontais Eorpaigh.

**Ní mór don iarrthóir an cur síos is beaichte is féidir a dhéanamh ar a c(h)áilíochtaí oideachais/acadúla agus ar a t(h)aithí ghairmiúil san fhoirm iarratais le ERA.**

Na hiarrthóirí a mheasfar a bheith ar na hiarrthóirí is oiriúnaí ar bhonn na gcritéar roghnúcháin, tabharfar cuireadh dóibh freastal ar agallamh agus triail scríofa.

## *IV - AGALLAMH AGUS TRIAIL SCRÍOFA*

Iarrthóirí a roghnófar chun freastal ar chéim na trialach, lena n-áirítear agallamh struchtúrtha agus triail scríofa, déanfar iad a mheasúnú agus a scóráil in aghaidh na gcritéar a leanas:

***Le haghaidh an agallaimh: critéir atá ábhartha <u>do na 4 réimse</u>:***

**<u>Scileanna boga:</u>**

- Spreagadh;
- An cumas chun obair mar bhall d'fhoireann;
- Anailís agus réiteach fadhbanna;
- Scileanna atá dírithe ar sheirbhís ar ardchaighdeán a sholáthar

**<u>Sainscileanna gairmiúla:</u>**

- Tuiscint ar fheidhmiú an chórais iarnróid agus córas iompair eile mar aon le heolas ar bheartais iarnróid an Aontais Eorpaigh agus ar an gcreat dlí is infheidhme;
- Cumas chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i mBéarla.

***Le haghaidh an agallaimh: critéir atá ábhartha do <u>réimse an Údaraithe Feithiclí Rothstoic</u>:***

- Eolas ar idir-inoibritheacht iarnróid, a bhaineann go háirithe le feithiclí a chothabháil, a dhearadh, a oibriú agus a údarú, agus díriú á chur ar an bhfochóras rothstoic.

***Le haghaidh an agallaimh: critéir atá ábhartha do <u>réimse an Údaraithe Feithiclí ERTMS</u>:***

- Eolas ar idir-inoibritheacht iarnróid, a bhaineann go háirithe le feithiclí a chothabháil, a dhearadh, a oibriú agus a údarú, agus díriú á chur ar an bhfochóras um rialú agus ceannas agus um chomharthaíocht ar bord (ERTMS agus GSMR ar bord).

---

*12 Is ionann eolaíochtaí beachta agus na heolaíochtaí sin lena "n-éilítear fíorbheachtas ina gcuid torthaí". Samplaí d'eolaíochtaí beachta is ea matamaitic, ceimic agus fisic*
*13 Toisc gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta, tá leibhéal B2 ar a laghad (sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) i mBéarla ag teastáil*
*14 Ar bhonn an ualaigh ghníomhaíochtaí le haghaidh údarú feithiclí, teastaíonn ón nGníomhaireacht baill foirne bhreise a bhfuil dea-chur amach acu ar na teangacha sonraithe. Tá leibhéal B2 ar a laghad ag teastáil sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint)*
*15 Féach fonóta 9*
*16 Is ionann eolaíochtaí beachta agus na heolaíochtaí sin lena "n-éilítear fíorbheachtas ina gcuid torthaí". Samplaí d'eolaíochtaí beachta is ea matamaitic, ceimic agus fisic*
*17 Toisc gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta, tá leibhéal B2 ar a laghad (sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) i mBéarla ag teastáil*
*18 Is ionann eolaíochtaí beachta agus na heolaíochtaí sin lena "n-éilítear fíorbheachtas ina gcuid torthaí". Samplaí d'eolaíochtaí beachta is ea matamaitic, ceimic agus fisic*
*19 Toisc gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta, tá leibhéal B2 ar a laghad (sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint) i mBéarla ag teastáil*
*20 Níor cheart é seo a mheascadh le bainistíocht acmhainní daonna (scileanna agus inniúlachtaí)! Is é atá i gceist le tosca daonna anseo: "Eolas ar chultúr na sábháilteachta agus ar thosca daonna sa tsábháilteacht".*
*21 Ar bhonn an ualaigh ghníomhaíochtaí le haghaidh údarú feithiclí, teastaíonn ón nGníomhaireacht baill foirne bhreise a bhfuil dea-chur amach acu ar na teangacha sonraithe. Tá leibhéal B2 ar a laghad ag teastáil sna trí fhearann: Labhairt, Scríbhneoireacht agus Tuiscint)*
*22 Féach fonóta 9*

***Le haghaidh an agallaimh: critéir atá ábhartha do réimse an FHUINNIMH:***

- Eolas ar idir-inoibritheacht iarnróid, a bhaineann go háirithe leis an bhfochóras fuinnimh a chothabháil, a dhearadh, a oibriú agus a údarú.

***Le haghaidh an agallaimh: critéir atá ábhartha do réimse na Sábháilteachta agus na nOibríochtaí:***

- Eolas ar chórais bhainistíochta (sábháilteachta) agus ar oibríochtaí iarnróid;
- Feasacht Sábháilteachta: Cumas rioscaí a shainaithint, a mheasúnú agus a mhaolú, agus faireachán a dhéanamh orthu, mar aon le díriú ar shábháilteacht.

***Le haghaidh na trialach scríofa: critéir atá ábhartha do gach réimse:***

- Eolas agus inniúlachtaí a bhaineann leis na poist shonracha;
- Cumas chun achoimre a dhéanamh ar shaincheisteanna teicniúla ar bhealach soiléir agus cuimsitheach;
- Scileanna coincheapúla agus anailíseacha (anailísíocht ghnó san áireamh);
- Cumas chun cumarsáid a dhéanamh go héifeachtach i scríbhinn sa Bhéarla.

I gcás cainteoirí dúchais Béarla, déanfar tástáil ar do chumas chun cumarsáid a dhéanamh sa dara teanga AE atá agat le linn an agallaimh. Mar gheall gur cuid é sin de na ceanglais ghinearálta a luaitear thuas, eiseofar aon duine ón roghnúchán a mhainneoidh leibhéal sástachta sa dara teanga AE a chruthú.

I gcás theangacha oifigiúla breise an Aontais Eorpaigh le haghaidh réimsí 1, 2 agus 4: iarrfar ar iarrthóirí doiciméid tacaíochta/fianaise a sholáthar á léiriú go sealbhaíonn siad an leibhéal riachtanach. Is féidir go ndéanfar tástáil cháilíochtúil ar na teangacha sin le linn an agallaimh freisin.

# Glao ar Iarratais ar phoist mar Riarthóirí (Oifigigh Thionscadal) sa Roinn/Aonad Oibríochtúil

## *Gníomhaire Sealadach 2(f) (AD6) – d'fhonn liostaí ionadaithe a bhunú – ERA/AD/2021/001-OPE*

<table>
<tr><td>Dáta foilsithe: an 10/05/2021</td><td>Spriocdháta le haghaidh iarratas: an 08/06/2021 (23.59 ALE, am áitiúil Valenciennes)</td></tr>
<tr><td>Cineál conartha: Gníomhaire Sealadach2(f)<br>Feidhmghrúpa agus grád: AD6</td><td>Áit fostaíochta: Valenciennes, France</td></tr>
<tr><td>Fad an chonartha 4 bliana agus féadfar é a athnuachan go ceann tréimhse chinnte nach faide ná 4 bliana. Má dhéantar é a athnuachan arís ina dhiaidh sin, conradh tréimhse éiginnte a bheidh ann</td><td>Buntuarastal míosúil: EUR 5 416,58 ag Céim 1 agus fachtóir ualaithe de 20,5% (ón 01/07/2020) mar aon le liúntais shonracha más infheidhme</td></tr>
<tr><td colspan="2">An Roinn Oibríochtúil agus an tAonad um Pleanáil agus um Fhormheas a Sholáthar (PAD): féach thíos</td></tr>
<tr><td>Ní mór iarratais a sheoladh ach amháin trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist: jobs@era.europa.eu</td><td>Liosta ionadaithe bailí go dtí: 08/06/2023, tréimhse a bhféadfar í a fhadú</td></tr>
</table>

| *AN GHNÍOMHAIREACHT* |
|---|
| Is gníomhaireacht de chuid an Aontais Eorpaigh a bunaíodh le Rialachán (AE) 2016/796 í Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh. Is é an cuspóir atá leis tacú le forbairt Limistéir Eorpaigh Iarnróid Aonair, gan teorainneacha, lena rathaítear leibhéal ard sábháilteachta.<br><br>**Is é príomh-mhisean na Gníomhaireachta é an córas iarnróid a dhéanamh níos fearr don tsochaí.**<br><br>Tá muid tiomanta chun sin a bhaint amach tríd an méid a dhéanamh:<br><br>› Teastais, údaruithe agus seirbhísí réamhcheadaithe a chur ar fáil don earnáil iarnróid;<br>› Comhchur chuige a fhorbairt i leith sábháilteachta ar an gCóras Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS);<br>› Monatóireacht a dhéanamh ar Údaráis Náisiúnta Sábháilteachta (NSAnna) agus ar Chomhlachtaí ar Tugadh Fógra dóibh;<br>› Cúnamh (e.g. scaipeadh, oiliúint) do bhallstáit, NSAanna agus páirtithe leasmhara;<br>› Tacaíocht theicniúil a sholáthar don Choimisiún Eorpach, agus<br>› Rochtain éascaithe do chustaiméirí a chur chun cinn maidir leis an earnáil iarnróid Eorpach:<br><br>Is féidir teacht ar níos mó sonraí faoinár ngníomhaíochtaí inár nDoiciméad Clársceidealaithe Aonair.<br><br>Tá Ceanncheathrú na Gníomhaireachta in Valenciennes, agus roinnt saoráidí eile in Lille atá dírithe ar imeachtaí áirithe. Ceadaigh an nasc seo a leanas anseo chun misean, fís agus luachanna na Gníomhaireachta a léamh.<br><br>Le tuilleadh faisnéise a fháil, léigh fúinn ar **era.europa.eu.** |

*ROINN NA gCÓRAS IARNRÓID*

Tá Roinn na gCóras Iarnróid (RSY) ina cuid lárnach den Inniúlacht Córais Iarnróid don Ghníomhaireacht.

Agus í eagraithe ina trí Aonad éagsúla, cumhdaíonn an roinn RSY iad seo a leanas:

- Sábháilteacht agus oibríochtaí iarnróid;
- Idir-inoibritheacht iarnróid feithiclí agus infreastruchtúir;
- Córas Eorpach um Bainistiú Tráchta Iarnróid (ERTMS) agus Teileamaitic.

Tá sé mar aidhm ag Roinn na gCóras Iarnróid ná éabhlóid Ailtireacht Córais Sprice den Limistéar Eorpach Iarnróid Aonair (SERA) a bhrú chun tosaigh maidir le sonraíochtaí, fíorú agus próisis dheimhnithe.

Tá RSY freagrach as tograí a fhorbairt chomh maith, agus as tacú leis an earnáil chun éabhlóid Chóras Iarnróid sprice SERA a bharrfheabhsú agus na réitigh is inmharthana a chur i bhfeidhm ar mhaithe le hidir-inoibritheacht theicniúil agus oibríochtúil bhreise. Sa bhreis air sin, tá sé de chúram ar RSY cothabháil agus feabhsú, a mhéid is indéanta, a dhéanamh ar shábháilteacht agus ar fheidhmíocht fhoriomlán an chórais iarnróid.

Tá sé mar chuid de mhisean RSY feidhmiú mar chuimhne chorparáideach d'éabhlóid Ailtireacht Chóras Iarnróid SERA, agus mar Údarás Córais do ERTMS agus Feidhmchláir Theileamaitice do Phaisinéirí agus Lastas.

Tá sé mar aidhm ag an RSY comhsheasmhacht na gcinntí teicniúla arna nglacadh ar fud Aonad éagsúil agus Foirne éagsúla na Gníomhaireachta a áirithiú.

*AN tAONAD UM PLEANÁIL AGUS UM FHAOMHADH A SHOLÁTHAR*

Is é an tAonad um Pleanáil agus um Fhormheas a Sholáthar (PAD) lárionad tionscadal na Gníomhaireachta, atá ar an réimse gníomhaíochta is nuaí don Ghníomhaireacht.

Tá saineolaithe éagsúla bainteach lena phríomhréimsí, lena ndírítear ar an méid a leanas go príomha:

- Údarú feithicle (cineál);
- Deimhnithe sábháilteachta aonair; agus
- Faomhadh ERTMS taobh riain.

Ta sé sin go léir mar chuid de na róil nua a ghlacfaidh an Ghníomhaireacht de thoradh ar chur chun feidhme na 4ú Pacáiste Iarnróid.

Chomh maith leis na gníomhaíochtaí faofa sin, áirithíonn PAD bainistiú agus rialú iontaofa tionscadal agus clár arna bhforbairt ag an nGníomhaireacht, rud atá ríthábhachtach maidir leis an gcáil atá uirthi agus maidir le feidhmiú ceart an Limistéir Eorpaigh Iarnróid Aonair.

Tá ról suntasach aiseolais ag PAD chomh maith i dtuairisciú ar chur chun feidhme dhoiciméad oibre na Gníomhaireachta chuig Aonad EXO.

*NÓS IMEACHTA CHUN IARRATAS A DHÉANAMH*

Chun iarratas **bailí** a dhéanamh, ní mór d'iarrthóirí an fhoirm iarratais le ERA atá comhlánaithe go cuí a chur isteach faoin dáta deiridh ar a nglacfar le hiarratais.

**Iarrtar ar iarrthóirí a bhfuil céimeanna/dioplómaí acu nár bronnadh san Aontas Eorpach iad leaganacha scanta de na céimeanna/na dioplómaí arna mbailíochtú san Aontas Eorpach a chur isteach in éineacht lena n-iarratas chuig ERA.**

**Aon iarrthóir nach gcloíonn leis na treoracha, eisiafar é/í ón bpróiseas roghnúcháin.**

Moltar d'iarrthóirí an t-iarratas a líonadh isteach i mBéarla chun an próiseas roghnúcháin a éascú mar gurb é Béarla teanga cumarsáide na Gníomhaireachta.

Ní mór iarratais a sheoladh trí ríomhphost chuig an mbosca ríomhphoist **jobs@era.europa.eu** faoi 23.59 Am Lár na hEorpa (am áitiúil in Valenciennes) an **08/06/2021** ar a dhéanaí, **agus uimhir thagartha an ghlao ar iarratais á sonrú go soiléir sa líne ábhair.**

Tabhair do d'aire le do thoil nach mbreithneofar iarratais a gheofar trí fhacs nó tríd an bpost.

Más rud é go n-aimsítear ag céim ar bith den nós imeachta gur mícheart atá an fhaisnéis a thug iarrthóir, féadfar an t-iarrthóir atá i gceist a dhícháiliú.

Tá cosc ar iarrthóirí dul i dteagmháil, bíodh sí díreach nó indíreach, le comhaltaí den Choiste Roghnóireachta agus tá cosc ar dhuine ar bith eile déanamh amhlaidh thar a gceann. Forchoimeádann an tÚdarás atá Údaraithe chun Conarthaí a Chur i gCrích trí tharmligean (dá ngairfear ÚÚCC anseo feasta) an ceart chun aon iarrthóir a dhéanann neamhaird den treoir sin a dhícháiliú.

Bunófar liostaí ionadaithe, rudaí a bheidh bailí go ceann dhá bhliain ó dháta deiridh an nóis imeachta roghnúcháin. Is féidir fad a chur le tréimhse bhailíochta na liostaí ionadaithe ar chinneadh ón AACC. Féadfar na liostaí ionadaithe a úsáid chun earcaíocht a dhéanamh le haghaidh poist eile lena mbaineann an feidhmghrúpa, an grád agus an phróifíl atá sonraithe thuas.

**Tabhair do d'aire le do thoil go bhféadfadh fadhbanna a bheith ag an gcóras méideanna móra sonraí a phróiseáil mar gheall ar an líon ard iarratas a d'fhéadfaimis a fháil faoin spriocdháta le haghaidh iarratais a chur isteach. Moltar d'iarratasóirí, dá bhrí sin, a n-iarratas le ERA a chur isteach tamall maith roimh an spriocdháta.**

**Tábhachtach:** NÍOR cheart doiciméid tacaíochta (e.g. cóipeanna deimhnithe de chéimeanna/dhioplómaí, cruthúnas ar thaithí, srl.) a sheoladh ag an gcéim seo, ach is féidir go n-iarrfar iad ag céim níos déanaí den nós imeachta. Ní sheolfar aon doiciméad ar ais chuig iarrthóirí.

## *NÓS IMEACHTA ROGHNÚCHÁIN*

Eagrófar an nós imeachta roghnúcháin mar seo a leanas:

1. Bunóidh ÚÚCC Coiste Roghnúcháin. Foilseofar ainm na gcomhaltaí ar Shuíomh Gréasáin ERA;
2. Déanfaidh an Coiste Roghnúcháin na hiarratais arna gcur isteach a sheiceáil in aghaidh na gcoinníollacha sonracha a leagtar amach sa rannán 'Critéir incháilitheachta' den Ghlao ar Iarratais;
3. Déanfar iarratais ina gcomhlíontar na coinníollacha sin a mheasúnú agus a scóráil ansin in aghaidh na gcritéar roghnúcháin a leagtar amach sa rannán 'Critéir roghnúcháin' den Ghlao ar Iarratais;
4. I dtaca le gach ceann de na réimsí, ní chuirfear san áireamh ach na hiarrthóirí sin a ghnóthaíonn 60% ar a laghad de na pointí iomlána arna mbronnadh le haghaidh na gcritéar roghnúcháin. Agus leas á bhaint aige as an liosta sin le haghaidh gach réimse, cuirfidh an Coiste

Roghnúcháin ar ghearrliosta na hiarrthóirí a bhfuil na scóir is airde acu, a dtabharfar cuireadh dóibh dul faoi agallamh agus triail scríofa.

5. Is i mBéarla a dhéanfar an t-agallamh agus an triail scríofa. Más é Béarla do mháthairtheanga, is í an dara teanga a shonraítear san fhoirm iarratais an teanga a scrúdófar. Maidir leis na hiarrthóirí sin a chuir in iúl go bhfuil eolas acu ar Bhulgáiris, Seicis, Gearmáinis, Ungáiris, Polainnis, Portaingéilis, Slóivéinis, Slóvaicis, Liotuáinis, Laitvis, Eastóinis agus Cróitis, is féidir go gcuirfear iad faoi thriail ó bhéal faoi na critéir roghnúcháin, ar triail í a bheidh faoi stiúir ag cainteoirí saineolacha nach gá go bhfuil siad ina gcomhaltaí den choiste roghnúcháin;
6. Tá na scóir do na hagallaimh agus don triail scríofa socraithe mar seo a leanas:
   - An scór iomlán don agallamh: **70 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: **42 pointe (60%)**
   - An scór iomlán don triail scríofa: **30 pointe** An scór íosta chun pas a ghnóthú: **18 bpointe (60%)**

   **Ní mheasúnófar triail scríofa na n-iarrthóirí i gcás nach ngnóthaítear an scór íosta chun pas a ghnóthú san agallamh.**
7. Ag teacht sna sála ar thorthaí na n-agallamh agus na trialach scríofa, déanfar é seo i gcás **réimsí 1, 2 agus 4**: cuirfear an chéad **dáréag** (líon táscach) iarrthóirí ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha. **I gcás réimse 3**: cuirfear an chéad **seisear** (líon táscach) iarrthóirí ar an liosta d'iarrthóirí oiriúnacha.
   Molfaidh an Coiste Roghnúcháin liostaí de na hiarrthóirí oiriúnacha in ord rangaithe do ÚÚCC lena gcur ar liostaí ionadaithe difriúla. Ba cheart d'iarrthóirí a thabhairt faoi deara nach gcinntítear tairiscint poist le háit ar na liostaí sin;
8. Beidh an liosta ionadaithe bailí go dtí an **08/06/2023**. Féadfar fad a chur lena thréimhse bailíochta le cinneadh ón ÚÚCC;
9. Féadfar na liostaí ionadaithe arna mbunú trí nósanna imeachta roghnúcháin seachtracha a chomhroinnt le Gníomhaireachtaí eile AE;
10. I gcomhréir le Cinneadh Uimh. 210, Teideal II, Airt. 2(b) ón mBord Bainistíochta, féadfaidh an Ghníomhaireacht, i gcásanna eisceachtúla, conradh fostaíochta le haghaidh post comhchosúil mar Ghníomhaire ar Conradh a thairiscint d'iarrthóir rathúil atá ar liosta ionadaithe Gníomhairí Sealadacha;
11. Is féidir go gceanglófar ar iarrthóirí atá ar an liosta ionadaithe dul faoi agallamh leis an Stiúrthóir Feidhmiúcháin;
12. Sula dtairgfear conradh fostaíochta dóibh, éileofar ar iarrthóirí ceaptha gach doiciméad ábhartha lena gcruthaítear cúlra oideachais agus taithí ghairmiúil a chur isteach;
13. Sula gceapfar gníomhaire sealadach, scrúdóidh an AACC an bhfuil nó nach bhfuil ag an iarrthóir aon leas pearsanta a chuirfeadh isteach ar a neamhspleáchas nó aon choinbhleacht leasa eile. Ní mór don iarrthóir aon choinbhleacht leasa atá ann nó a d'fhéadfadh teacht chun cinn ar chur in iúl don AACC trí fhoirm ar leith a úsáid. Déanfaidh ÚÚCC aon bheart cuí, más gá;
14. Cuireann an Ghníomhaireacht rialacha an-dochta i bhfeidhm maidir le coinbhleacht leasa. Tá rialacha sonracha maidir le coinbhleacht leasa is infheidhme i ndáil le baill foirne arna nglacadh ag an mBord Bainistíochta de bharr chineál speisialta agus sainiúil na hoibre a dhéanann ERA. Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar Chinneadh 199 ón mBord Bainistíochta lena nGlactar leis an gCreat i ndáil le Dea-Iompar Riaracháin agus ar an Iarscríbhinn a ghabhann leis. Ní mór d'iarratasóirí a dheimhniú ina bhfoirm iarratais go bhfuil siad toilteanach cloí leis na rialacha seo;
15. Níor cheart d'iarrthóirí dul i dteagmháil leis an gcoiste roghnóireachta i gcás ar bith, go díreach ná go hindíreach, maidir leis an bpróiseas earcaíochta seo. Coimeádann an AACC an ceart aige féin chun aon iarrthóir a thugann neamhaird ar an treoir sin a dhícháiliú.

<table>
<tr><th colspan="2">ACHOIMRE AR NA COINNÍOLLACHA FOSTAÍOCHTA AGUS AR NA SOCHAIR</th></tr>
<tr><td>1. Tá tuarastal díolmhaithe ó cháin náisiúnta. Ina ionad sin, asbhainfear cáin chun leasa an Aontais Eorpaigh ag an bhfoinse;<br><br>2. Teidlíocht saoire bliantúla a chuimsíonn dhá lá in aghaidh na míosa féilire, chomh maith le laethanta sa bhreis ag brath ar aois agus ar ghrád an bhaill foirne, agus 2 ½ lá do bhaill foirne easaoránacha, anuas ar 16 lá saoire ERA ar an meán in aghaidh na bliana;<br><br>3. Oiliúint ghinearálta agus theicniúil is infheidhme agus deiseanna forbartha gairmiúla;<br><br>4. Scéim Pinsin an Aontais Eorpaigh (tar éis 10 mbliana seirbhíse);<br><br>5. Cosaint árachais ó thimpiste agus galar ceirde faoi Chomhscéim AE, liúntas dífhostaíochta agus easláine agus árachas taistil;</td><td>Ag brath ar chúinsí pearsanta an duine agus ar an tír thionscnaimh, d’fhéadfadh baill foirne bheith i dteideal na nithe seo freisin:<br><br>6. Liúntas easaoránachta nó liúntas cónaithe eachtraigh;<br><br>7. Liúntas teaghlaigh;<br><br>8. Liúntas linbh chleithiúnaigh;<br><br>9. Liúntas oideachais;<br><br>10. Liúntas suiteála agus aisíocaíocht costas aistrithe;<br><br>11. Liúntas cothaithe laethúil ar feadh tréimhse shealadach thosaigh;<br><br>12. Sochair eile (aisíocaíocht costas taistil ar an bpost a thosú, etc.)<br><br>Chun tuilleadh faisnéise a fháil faoi na coinníollacha faoi seach, féach Iarscríbhinn VII a ghabhann leis na Rialacháin Foirne (ó leathanach 96 go leathanach 110): https://eur-lex.europa.eu/legal-content/EN/TXT/?uri=CELEX%3A01962R0031-20210101&qid=1617798743617</td></tr>
</table>

<table>
<tr><th colspan="2">GEALLTANAIS</th></tr>
<tr><td>Gealltanas maidir le comhdheiseanna a chur chun cinn:<br>Is fostóir comhdheiseanna í an Ghníomhaireacht agus molann sí go láidir do gach iarrthóir a chomhlíonann na critéir incháilitheachta agus roghnúcháin iarratas a dhéanamh, gan aon idirdhealú a dhéanamh bunaithe ar fhoras amhail náisiúntacht, aois, cine, prionsabail pholaitiúla, fealsúnachta nó chreidimh, inscne nó gnéaschlaonadh agus beag beann ar mhíchumas, ar stádas pósta agus ar aon chúinsí teaghlaigh eile.</td><td>Nós imeachta achomhairc:<br>Féadfaidh iarrthóirí a ghlac páirt i nós imeachta roghnúcháin aiseolas ar a bhfeidhmíocht sa triail scríofa, i dtrialacha breise agus in agallaimh a iarraidh. Aon iarrthóir a mheasann gur cuireadh an nós imeachta chun feidhme go mícheart agus/nó go ndearnadh earráid ag céim ar bith den nós imeachta measúnaithe, féadfaidh sé/sí a iarraidh go ndéanfaí athbhreithniú ar a (h)iarratas, agus féadfaidh sé/sí gearán nó achomharc a dhéanamh. Chuige sin, féadfar iarraidh ar athbhreithniú a chur isteach laistigh de 20 lá féilire ó seoladh an ríomhphost inar cuireadh in iúl dó/di gur diúltaíodh dá (h)iarratas. Ba cheart don iarraidh ar athbhreithniú an nós imeachta roghnúcháin lena mbaineann a shonrú agus ba cheart na critéir a bhfuiltear ag iarraidh athbhreithniú a dhéanamh ina leith a lua go soiléir agus ar an bhfáth a bhfuil an t-athbhreithniú á iarraidh.</td></tr>
</table>

| | |
|---|---|
| | Ba cheart an iarraidh sin a sheoladh chuig Cathaoirleach an choiste roghnúcháin trí bhosca ríomhphoist tiomnaithe na Gníomhaireachta (jobs@era.europa.eu) a úsáid.<br>Cuirfear an cinneadh ón gCoiste Roghnúcháin ar an ábhar in iúl don iarrthóir laistigh de 15 lá féilire tar éis a (h)iarraidh a fháil. |

| *NÓSANNA IMEACHTA ACHOMHAIRC AGUS GEARÁIN* | |
|---|---|
| Má mheasann iarrthóir gur imir cinneadh ar leith drochthionchar air/uirthi, féadfaidh sé/sí gearán riaracháin a dhéanamh de réir Airteagal 90 (2) de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh ag an seoladh seo a leanas:<br>Stiúrthóir Feidhmiúcháin<br>Gníomhaireacht Iarnróid an Aontais Eorpaigh<br>120, rue Marc Lefrancq<br>FR - 59300 Valenciennes<br><br>Ní mór an gearán a chur isteach laistigh de 3 mhí ón uair a cuireadh an gníomh a d'imir drochthionchar air/uirthi in iúl don iarrthóir.<br><br>Má dhiúltaítear don ghearán, féadfaidh an t-iarrthóir cás a thabhairt faoi Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus faoi Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh agus Coinníollacha Fostaíochta Sheirbhísigh Eile an Aontais Eorpaigh faoi bhráid:<br>Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh<br>http://curia.europa.eu/<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil sé de chumhacht ag an AACC aon chinneadh a dhéanann Coiste Roghnóireachta a leasú. Is é tuairim sheasta na Cúirte nach bhfuil an lánrogha leathan atá ag an gCoiste Roghnúcháin faoi réir athbhreithniú ag an gCúirt ach amháin sa chás go ndéantar sárú ar na rialacha lena rialaítear nósanna imeachta na gCoistí Roghnúcháin. | Is féidir freisin gearán a dhéanamh leis an Ombudsman Eorpach de bhun Airteagal 228(1) den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh agus de réir na gcoinníollacha a leagtar síos sa Chinneadh ó Pharlaimint na hEorpa an 9 Márta 1994 maidir leis na rialacháin agus na coinníollacha ginearálta lena rialaítear comhlíonadh dhualgais an Ombudsman, arna fhoilsiú in Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh, L 113 an 4 Bealtaine 1994:<br><br>An tOmbudsman Eorpach<br>1, Avenue du Président Robert Schuman – CS 30403<br>FR – 67001 Strasbourg Cedex<br>http://www.ombudsman.europa.eu<br><br>Tabhair do d'aire le do thoil nach bhfuil aon éifeacht fionraíochta ag gearáin a dhéantar leis an Ombudsman ar an tréimhse a leagtar síos in Airteagal 90(2) agus in Airteagal 91 de Rialacháin Foirne Oifigigh an Aontais Eorpaigh maidir le gearán a dhéanamh faoi seach le Cúirt Ghinearálta an Aontais Eorpaigh agus le hachomharc a dhéanamh os a chomhair faoi seach de réir Airteagal 270 den Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh |

| *COSAINT SONRAÍ* | |
|---|---|
| Is é an cuspóir a bhaineann leis na sonraí a chuireann tú isteach a phróiseáil ná d'iarratas a bhainistiú d'fhonn réamhroghnú agus fostú féideartha a dhéanamh ag an nGníomhaireacht.<br><br>Déanfar an fhaisnéis phearsanta a iarraimid uait a phróiseáil i gcomhréir le Rialachán (AE) 2018/1725 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 23 Deireadh Fómhair 2018 maidir le daoine nádúrtha a chosaint i ndáil le sonraí pearsanta a phróiseáil ag Institiúidí, Comhlachtaí, Oifigí agus Gníomhaireachtaí an Aontais Eorpaigh agus ar shaorghluaiseacht sonraí den chineál sin lena leasaítear Rialachán (CE) Uimh. 45/2001 agus Cinneadh Uimh. 1247/2002/CE. | Le tuilleadh faisnéise a fháil, féach ar:<br><br>Ráiteas Príobháideachais - Roghnú agus fostú Fhoireann na Gníomhaireachta (TA, CA, SNE agus oiliúnaithe) |